C/2023/721

9.11.2023

Teachtaireacht ó Státrúnaí Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartais Aeráide Ríocht na hÍsiltíre de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar na coinníollacha maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(C/2023/721)

Tugann Státrúnaí Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartais Aeráide leis seo fógra go bhfuarthas iarratas ar údarú chun sirtheoireacht ar hidreacharbóin a dhéanamh i mBloc E13 mar a léirítear ar an léarscáil atá i gceangal mar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Mianadóireacht (Mijnbouwregeling). I mBloc E13 cumhdaítear achar 403 km^2.

Faoi threoir na Treorach dá dtagraítear sa réamhghiotán agus in Airteagal 15 den Acht maidir leis an Mianadóireacht (*Mijnbouwwet*), iarrann an Státrúnaí Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartais Aeráide ar pháirtithe leasmhara iarratas iomaíoch a chur isteach chun sirtheoireacht ar hidreacharbóin a dhéanamh i mBloc E13 ar scairbh ilchríochach na hÍsiltíre.

Is é Státrúnaí Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartais Aeráide an t-údarás inniúil chun údaruithe a dheonú. Na critéir, coinníollacha agus ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (2) agus Airteagal 6(2) den Treoir thuasluaite, leagtar amach iad san Acht maidir leis an Mianadóireacht.

Is féidir iarratais a chur isteach le linn na 13 seachtaine tar éis fhoilsiú an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart iad a sheoladh chuig:

R-phost: mijnbouwvergunningen@minezk.nl

An Státrúnaí Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartais Aeráide
do: J Visser Uasal, an Stiúrthóireacht um an Aistriú in Úsáid Acmhainní go Domhain faoi Thalamh
Bezuidenhoutseweg 73
Postbus 20401
2500 EK Den Haag
AN ÍSILTÍR

Iarratais a fhaightear tar éis dhul in éag na tréimhse seo, ní chuirfear san áireamh iad.

I bprionsabal déanfar cinneadh maidir leis na hiarratais tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dhul in éag na tréimhse sin.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch ar oifig MABEL ar an uimhir teileafóin seo a leanas: +31 703796970.

An Státrúnaí Gnóthaí Eacnamaíocha agus Beartais Aeráide
do: J Visser Uasal, an Stiúrthóireacht um an Aistriú in Úsáid Acmhainní go Domhain faoi Thalamh
Bezuidenhoutseweg 73
Postbus 20401
2500 EK Den Haag
AN ÍSILTÍR